



TUARARASCÁIL BHLIANTIÚIL I GCÓIR 2017 ÓN ROINN GNÓ, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA I DTACA LE HALT 22 DEN ACT UM NOCHTADH COSANTA 2014.

Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí, i gcomhéir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, tuarascáil bhliantiúil a fhoilsiú ina ndéantar cur síos ar líon na nochtaithe cosanta a fuarthas le linn na bliana roimhe sin, agus an gníomh a rinneadh dá bharr (más ann dó). Níor cheart go mbeadh daoine a dhéanann nochtadh inaitheanta mar thoradh ar an tuarascáil seo.

Seo tuarascáil an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2017.

Ardaíodh ceithre saincheist nua mar nochtaithe cosanta leis an Aire/Roinn le linn tréimhse an tuarascáil seo. Níor ardaigh fostaithe de chuid na Roinne ná a cuid Oifigí ceann ar bith de na saincheisteanna seo.

Is iad na nithe a ardaíodh, go beacht, ná:

- Comhfhreagras leis an Aire ó iarfhostaí de chuid Oifig Rialtais, nach bhfuil faoi shainordú na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, maidir leis an gcaoi ar caitheadh leis an té seo mar fhostaí. Cuireadh in iúl den té seo gur cheart an cheist a phlé leis na húdaraí cuí ar an gcéad dul síos, agus leas a bhaint as na próisis agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déileáil le cúrsaí AD / caidrimh thionscail.
- Comhfhreagras leis an Aire ó bhall den phobal ag tagairt do cheist a raibh baint ag Oifig de chuid na Roinne léi. Rinneadh mionscrúdú ar an gcomhfhreagras agus de bharr gur déilealadh le comhfhreaghras ar an ábhar céanna cheana, deimhníodh nach raibh gá le aon fhreagra breise a thabhairt.
- Comhfhreagras leis an Aire ó bhall den phobal maidir le hidirbheart maoine príobháideach a raibh baint imeallach ag ceann de Ghníomhaireachtaí na Roinne léi. Rinneadh iniúchadh ar na cúinsí ba chúis le tarraingt isteach na Gníomhaireachta, agus dúradh leis an té a scríobh isteach go raibh an nós imeachta a leanadh de réir nósanna imeachta cearta a bhaineann le cásanna den chineál sin agus ag teacht go hiomlán leo.
- Cóipeáil an tAire ar chomhfhreagras le hAire i Roinn Rialtais eile maidir le ábhair a bhaineann le gníomhaireacht a bhí faoi choimirce na Roinne eile. Dheimhnigh an Roinn eile don Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta go raibh an scéal á fhiosrú acu, agus nach raibh aon bheart eile le déanamh ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Tá ceist, a bhí luaite i dtuarascáil bhliantiúil eile faoi Alt 22 agus a bhain le ceist a d'árdaigh duine de fhostaithe an Roinne agus a cuid oifigí, faoi athbhreithniú go fóill.